C/2023/918

15.11.2023

Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí ar an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin i dtaca le CBL agus Cánacha agus Dleachtanna a Aisghabháil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

(C/2023/918)

(Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin MECShttps://edps.europa.eu)

An 4 Meán Fómhair 2023, d'eisigh an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin i dtaca le CBL agus Cánacha agus Dleachtanna a Aisghabháil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ("an Togra").

Is é is aidhm don Togra comhar riaracháin a chumasú idir na húdaráis inniúla chánach san Aontas Eorpach agus a mhacasamhail sa Ríocht Aontaithe. Ós rud é go mbaineann an comhar sin, mar a shonraítear a thuilleadh sa chomhaontú ar leibhéal seirbhíse atá mar cheann de na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Togra (Iarscríbhinn I), le próiseáil sonraí pearsanta, ag an gCoimisiún freisin, molann MECS tagairt a dhéanamh do chomhlíonadh RGCS ([1]) agus RCSAE ([2]) in aithris den Togra.

Thairis sin, molann MECS tagairt shonrach don chinneadh leordhóthanachta a áireamh sa Togra mar an bunús dlí lena gceadaítear d'údaráis inniúla san Aontas Eorpach sonraí pearsanta a aistriú chuig údaráis inniúla sa Ríocht Aontaithe. Molann MECS freisin an comhaontú ar leibhéal na seirbhíse (dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Togra) a fhorlíonadh le forálacha sonracha, lena sonraítear na gnéithe ábhartha uile maidir le cosaint sonraí.

1. Réamhrá

1. An 4 Meán Fómhair 2023, d'eisigh an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin maidir le CBL agus Aisghabháil Cánach agus Dleachtanna a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ("an Togra").

2. Tá ceithre Iarscríbhinn ag gabháil leis an Togra, lena bhforáiltear an méid seo a leanas:

— dréacht-Chinneadh ón gCoiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin maidir le CBL agus Gnóthú Cánacha agus Dleachtanna a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ("an Coiste Speisialaithe Trádála") maidir leis an nós imeachta chun comhaontú ar leibhéal seirbhíse a thabhairt i gcrích (Iarscríbhinn I);

— dréacht-Chinneadh ón gCoiste Speisialaithe Trádála maidir le méid agus módúlachtaí na ranníocaíochta airgeadais atá le déanamh ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le buiséad ginearálta an Aontais i leith an chostais a ghintear trína rannpháirtíocht sna Córais Eorpacha Faisnéise (Iarscríbhinn II);

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin. sonraí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

— dréacht-Chinneadh ón gCoiste Speisialaithe Trádála lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le forálacha a bhaineann le cúnamh gnóthaithe an Phrótacail maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a ghnóthú (Iarscríbhinn III);

— dréacht-Chinneadh ón gCoiste Speisialaithe Trádála maidir le foirmeacha caighdeánacha chun faisnéis agus sonraí staidrimh a chur in iúl, tarchur faisnéise tríd an Líonra Cumarsáide Coiteann agus na socruithe praiticiúla maidir le teagmhálacha a eagrú idir lároifigí idirchaidrimh agus lár-ranna idirchaidrimh (Iarscríbhinn IV).

3. Is é is cuspóir don Togra ([3]) an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin maidir le CBL agus Aisghabháil Cánach agus Dleachtanna a bhunú chun an cinneadh a ghlacadh maidir le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a aisghabháil ("an Prótacal CBL", "CBL"), mar a leagtar síos in Airteagal 39(2) CBL den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ("an Comhaontú") ([4]).

4. Eisítear an Tuairim reatha ó MECS mar fhreagairt ar chomhairliúchán a rinne an Coimisiún Eorpach an 4 Meán Fómhair 2023, de bhun Airteagal 42(1) RCSAE. Tugann MECS le fios go bhfuil an tagairt don chomhairliúchán seo in aithris den Togra ar iarraidh. Dá bhrí sin, molann MECS tagairt den sórt sin a chur isteach in aithris den Togra.

3. **Conclúidí**

12. I bhfianaise an méid thuasluaite, déanann MECS na príomh-mholtaí seo a leanas:

(1) tagairt don chomhairliúchán le MECS de bhun Airteagal 42(1) RCSAE a chur isteach in aithris den Togra;

(2) aithris a chur isteach sa Togra ina sonrófar "go gcomhlíonfaidh próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs an Chinnidh seo ón gComhairle Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725";

(3) tagairt shonrach don chinneadh leordhóthanachta a áireamh sa Togra mar an bunús dlí lena gceadaítear d'údaráis inniúla san Aontas Eorpach sonraí pearsanta a aistriú chuig údaráis inniúla sa Ríocht Aontaithe;

(4) forálacha sonracha a chur leis an gcomhaontú ar leibhéal na seirbhíse (dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Togra), ina sonrófar na gnéithe ábhartha uile maidir le cosaint sonraí.

An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2023.

Wojciech Rafał WIEWIÓROWSKI

([3]) COM(2023) 504 final, lch. 1.
([4]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.